odti

Deonú Aistriú Orgán Éireann
Organ Donation Transplant Ireland

Deonú agus Trasphlandú Orgán in Éirinn

Seans maith go bhfuil go leor ceisteanna agat má tá tú ag smaoineamh ar orgáin do dhuine mhuirnigh a dheonú. Freagraíonn an bhileog seo cuid de na ceisteanna is coitianta a chuirtear, rud a d'fhéadfadh cabhrú leat agus le do mhuintir an cinneadh seo a dhéanamh.

Cé na horgáin is féidir a dheonú?

Is iad na horgáin is féidir a dheonú in Éirinn ná: croí, scamhóga, ae, paincréas agus duáin.

Cé na daoine is féidir a bhreithniú mar dheontóir féideartha orgán?

Caithfidh deontóir féideartha a bheith in ospidéal agus á choinneáil beo le meaisín tacaíochta beatha (aerálaí) sular féidir leis/léi a bheith ina d(h) eontóir orgán. Is féidir orgáin duine a dheonú tar éis:

- bás stoc na hinchinne,
- bás cairdiach.

Céard is bás stoc na hinchinne ann?

Ciallaíonn bás stoc na hinchinne nach bhfuil fuil ná ocsaigin ar bith ag dul go dtí an inchinn. Níl an inchinn ag feidhmiú a thuilleadh. Níl aon seans ann go dtiocfaidh biseach uirthi. Ní féidir leis an othar análú gan aerálaí. Déanfaidh dochtúirí tástálacha chun bás stoc na hinchinne a dheimhniú. Déantar dhá shraith tástálacha. Is ionann an t-am báis a thaifeadtar ar an teastas báis agus an t-am a chríochnaítear an dara sraith tástálacha ar stoc na hinchinne.

Céard is bás cairdiach ann?

Tarlaíonn bás cairdiach tar éis tinnis nó gortú nuair nach féidir le biseach teacht ar an othar. Níl an t-othar gan mheabhair gan mhothú, ach níl aon seans ann go dtiocfaidh biseach air/uirthi. Ní féidir leis an othar maireachtáil gan aerálaí agus cógais.

An bhfuil duine ann lenar féidir liom labhairt?

Beidh foireann speisialtóra ar fáil chun ceisteanna ar bith a bheadh agat a fhreagairt agus eolas breise ar bith a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ort a chur ar fáil. Tugtar am duit do smaointe ar dheonú orgán a phlé le do mhuintir agus do chairde. Tá sé tábhachtach smaoineamh ar an rud a bheadh ag teastáil ó do dhuine muirneach.

Céard a tharlóidh má thoilím le deonú orgán ar son duine muirneach?

Má chinneann tú ar orgáin a dheonú ar son duine muirneach, is gá dúinn ceisteanna a chur ort faoi shláinte agus stíl mhaireachtála do dhuine mhuirnigh nach maireann. Seans go measfaidh tú gur ceisteanna íogaire iad cuid acu, ach is gá iad a chur ionas gur féidir tús a chur le próiseas an trasphlandaithe.

Is gá toiliú scríofa a fháil uaitse, an neasghaol, nuair a dhéantar an deonú. Ní féidir ach orgáin a dtugann tú toiliú ina leith a dheonú agus a úsáid

le haghaidh trasphlandú. Déanaimid tástálacha fola, ceann amháin maidir le víris san áireamh, le cinntiú go bhfuil na horgáin oiriúnach le haghaidh deonú. Cuirfimid ar an eolas thú faoi impleachtaí sláinte ar bith a bheadh mar thoradh ar an tástáil seo.

Reiligiún

Tacaíonn gach reiligiún le deonú orgán. Má tá buairt ar bith ort, labhair le Foireann an Ospidéil, le do thoil.

Conas a tharlaíonn an próiseas deonaithe orgán?

Ní féidir deonú orgán a dhéanamh ach tar éis do do dhuine muirneach bás a fháil. Bíonn an obráid déanta ag dochtúirí agus altraí ardoilte san obrádlann san ospidéal seo. Bíonn dínit agus meas ar do dhuine muirneach mar thosaíocht i gcónaí.

Céard a tharlóidh tar éis don obráid deonaithe a bheith déanta?

Beidh an chuma chéanna ar do dhuine muirneach tar éis na hobráide deonaithe.Ní chuirfidh próiseas an deonaithe moill ar shocruithe sochraide. Scríobhfaidh an comhordaitheoir deontóirí chuig muintir an deontóra tar éis roinnt seachtainí, agus nuashonrú á thabhairt ar gach duine a bhain leas as deonadh na n-orgán.

Bronntanas na beatha: céard is brí leis?

Is é an taithí atá againn mar ghairmithe cúram sláinte ná gur mór an compord ag teaghlaigh faoi mhéala é deonú orgán, ós rud é gur féidir leis saol daoine eile a athrú ó bhonn.

Coinnítear céannacht do dhuine mhuirnigh agus an duine a fuair na horgáin dheonaithe faoi rún an t-am go léir.

Sábhálann deontóirí orgán saol na gcéadta duine gach bliain.

Léirigh suirbhé a rinneadh le déanaí go dtacaíonn breis is 80% de mhuintir na hÉireann le deonú orgán.

Go raibh maith agat as bronntanas na beatha a bhreithniú.

Naisc Úsáideacha:

Strange Boat Donor Foundation
www.organdonation.ie

Irish Kidney Association
www.ika.ie

Teagmháil:

Oifig an chomhordaitheora deontóirí orgán, Luan go hAoine, 8rn-5in ag:

01 878 8388

odti
Deonú Aistriú Orgán Éireann
Organ Donation Transplant Ireland

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Plain English
Approved by NALA

ODTI-F-0026, Rev 0